Suaitheantas do chumainn

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Cumann Lúthchleas Gael, Coiste Chontae Chiarraí

Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo aontaithe ag Coiste Chontae Chiarraí Cumann Lúthchleas Gael (CLG, LGFA, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr) de réir ár gCód Iompair (faoi aois), ár bpolasaithe, ár nósanna imeachta agus ár riachtanais reachtúla atá ceangailteach ar gach ball agus aonad dár gCumann.

Airítear le bunaidhmeanna Chumann Lúthchleas Gael cothú agus forbairt ár gCluichí Gaelacha agus gníomhaíochtaí cultúrtha na hÉireann i measc daoine óga agus leanaí. Eagraíonn agus cuireann ár n-oibrithe deonacha tiomnaithe na cluichí agus na gníomhaíochtaí lena mbaineann chun cinn ag leibhéil Chumainn Chontae, Chúige agus Náisiúnta le comhoibriú agus tacaíocht ó chohórt foirne atá chomh tiomnaithe céanna, atá tiomnaithe do chumhdach leanaí agus daoine óga inár gCumann agus muid ag iarraidh timpeallacht shábháilte a chruthú do dhaoine óga le fás agus forbairt.

D'aontaigh coiste feidhmiúcháin Chontae Chiarraí CLG an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ar an 29ú Aibreán 2023.

PRIONSABAIL MAIDIR LE LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHOCHAR

Aithnítear sa ráiteas seo, de réir na riachtanas reachtaíochta, agus de réir ár ngealltanas i gCód Iompair CLG (Faoi Aois), (féach Cód QR 1), chun gach leanbh a chosaint ó dhochar, beag beann ar chine, cumas, eitneacht nó gnéaschlaonadh, go bhfuil leas leanaí ríthábhachtach i ngach cás. Tá sé mar aidhm ag an gCód Iompair a chinntiú go bhfuil taithí dhearfach, forbartha agus taitneamhach ag leanaí agus daoine óga ar Chluichí Gaelacha agus ar ghníomhaíochtaí eile agus go ndéanann siad amhlaidh, a mhéid agus atá indéanta, i dtimpeallacht shábháilte agus thaitneamhach de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí (2015) agus an Ordaithe Leanaí (TÉ) 1995.

MEASÚNÚ RIOSCA

Agus an ráiteas seo á réiteach againn, tá measúnú riosca curtha i gcrích againn, atá ar fáil ón Oifigeach Leanaí ach é a iarraidh, a thugann aghaidh ar an bhféidearthacht atá ann do dhochar* do leanaí nuair a bhíonn siad ag glacadh páirte inár gcluichí agus ag freastal ar ár ngníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Réimsí Riosca Dochair a aithint;
- Cleachtaí cumainn, Contae agus Cóitseála;
- Gearáin agus Smacht;
- Nósanna Imeachta Tuairiscithe;
- Áiseanna do Chlubanna;
- Earcaíocht;
- Cumarsáid agus Baol Dochair Ginearálta

Ciallaíonn dochar i gcás linbh — Ionsaí, drochíde nó faillí linbh ar bhealach a dhéanann difear nó gur dóchúil go ndéanfar difear tromchúiseach do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó mí-úsáid ghnéis ar leanbh.

NÓSANNA IMEACHTA

Réitíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na riachtanas reachtúil atá san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017), an tOrdú Leanaí (TÉ)1995, Cosaint Leanaí Tusla: Treoir do Pholasaí, Nós Imeachta agus Cleachtais agus de réir mar is gá i rialacha ár gCumainn agus inár gCód Iompair (Faoi Aois).

RIOSCA SAINAITHEANTA	NÓSANNA IMEACHTA ATÁ I BHFEIDHM CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR RIOSCAÍ	CÓD QR
Oiliúint faoi chosaint leanaí do thraenálaithe, d'Oifigigh Leanaí agus do Theagmhálaithe Ainmnithe agus do dhaoine eile a oibríonn le leanaí a thugann aghaidh ar nósanna imeachta um chumhdach an Chumainn agus ar an mbaol dochair do leanaí	Cláir agus polasaí Oiliúna a Chumhdaíonn Cluichí Gaelacha	QR code 1
Riosca dochair agus gníomhaíocht á óstáil agus/ nó turas as baile An baol go ndéanfar dochar trí mhí-úsáid ar líne agus trí na meáin shóisialta Úsáid mhíchuí grianghrafadóireachta	Cód Iompair (Faoi Aois) Lena n-áirítear treoracha maidir le; Oiliúint Earcaíochta, Grinnfhiosrúcháin agus Coimircithe; Treoir do Chóitseálaithe, do Thuismitheoirí agus do lucht tacaíochta maidir le Dea-Chleachtas agus Iompar; Imeachtaí a óstáil, Turais as baile & Iompar; Treoir maidir leis na Meáin Shóisialta; Grianghrafadóireacht	QR code 1
Bulaíocht linbh	Oiliúint agus Ráiteas Frithbhulaíochta	QR code 2
An baol go ndéanfaidh duine fásta nó leanbh eile dochar do leanbh, lena n-áirítear sainmhínithe ar mhí-úsáid	Treoir maidir le déileáil le & le tuairisciú Líomhaintí nó Imní maidir le Mí-Úsáid	QR code 3

NÓSANNA IMEACHTA AITHEANTA

Tugtar aghaidh ar na nósanna imeachta seo a leanas inár dTreoir maidir le Déileáil le Líomhaintí & Tuairiscithe maidir le Mí-Úsáid (Cód QR 3) agus sa Chód Iompair (Cód QR 1) chun tacú lenár rún leanaí a chosaint fad is atá siad ag bain leasa as ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí.

- Nós imeachta maidir le bainistíocht líomhaintí in aghaidh ball, daoine nach baill iad, baill foirne nó oibrithe deonacha a bhaineann leas as á seirbhísí (Cód QR 3)
- Nós imeachta chun oibrithe deonacha agus baill foirne a earcú agus a ghrinnfhiosrú go sábháilte chun oibriú le leanaí agus le daoine óga (Cód QR 1)
- Nós imeachta chun Oiliúint agus faisnéis um Chumhdach Leanaí do Chluichí Gaelacha a sholáthar agus rochtain a fháil orthu, lena n-áirítear aithint gur tharla dochar (Cód QR 1)
- An nós imeachta maidir le líomhaintí a thuairisciú nó Imní maidir le Mí-Úsáid, faoi chosaint nó faoi leas linbh chuig an gCumann, Tusla nó Foireann Gateway, ag baint leasa as de réir mar is cuí (Cód QR 3)
- Nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh i.e. Oifigeach Leanaí an Chlub, arb é nó í an duine ábhartha a ceapadh chun críche an ráitis seo (Cód QR 1)
- Coinneoidh ár gCumann, trínár n-aonaid ábhartha, liosta de na baill a shonraítear mar dhaoine sainordaithe, más eol iad, agus de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, is cuma cén ról (más ann) atá acu sa Chumann

CODE OF BEHAVIOUR UNDERAGE

Tugann Cód Iompair (Faoi Aois) agus Ráiteas Polasaí um Chumhdach Leanaí CLG treoir mhionsonraithe dár gClubanna agus d'aonaid eile maidir leis na híoschaighdeáin dea-chleachtais agus iompar atá á lorg againn ó gach duine, a oibríonn le leanaí ar ár son. Féachann an "Cód" le leanaí agus daoine óga a ghlacann páirt inár gcluichí a chosaint agus freastal ar ár ngníomhaíochtaí.

DAOINE FAOI SHAINORDÚ

Oifigeach Leanaí Chontae Chiarraí C.L.G:	Áine Ní Shúilleabháin	*childrensofficer.kerry@gaa.ie*
DLP/ Teagmhalaí ainmnithe:	Pádraig Ó Súilleabháin	*chairperson.kerry@gaa.ie*
Camógaíocht:	Sinéad Mc Nulty	*mandatedperson@camogie.ie*
Liathróid láimhe:	David Britton	*mandatedperson.handball@gaa.ie*
LGFA:	Paula Prunty	*mandatedperson@lgfa.ie*

Tá gach beartas agus nós imeachta arna liostú thuas ar fáil ag www.gaa.ie/the-gaa/child-safeguarding-and-protection

CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tá Cumann Lúthchleas Gael agus Coiste Chontae Chiarraí tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chumhdach Leanaí seo agus do na polasaithe agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí a ghabhann leis a thacaíonn lenár rún leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag baint leasa as ár seirbhís. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo, ar ghlac agus ar aontaigh Coiste Feidhmiúcháin ár gclub leis, faoin **29ú Aibreán 2025** nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith tagtha ar aon ní lena mbaineann an ráiteas.

Oifigeach Leanaí

Tá áit dúinn uilig ann